Uimhir 35 *de* 2010

AN tACHT LEITHREASA 2010

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Suimeanna a vótáladh le haghaidh seirbhísí soláthair, €47,306,286,000 san iomlán, a leithreasú.

2. Géilleadh iarchurtha a bhaineann le seirbhísí soláthair chaipitiúil, €16,500,000 san iomlán.

3. Rúin airgeadais a rith Dáil Éireann an 7 Nollaig 2010.

4. Gearrtheideal.

SCEIDEAL 1

Suimeanna a Vótáladh le haghaidh Seirbhísí Soláthair a Leithreasú

SCEIDEAL 2

Géilleadh Iarchurtha a Bhaineann le Seirbhísí Soláthair Chaipitiúil

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht Príomh-Chiste (Forálacha Buana) 1965	1965, Uimh. 26
An tAcht Airgeadais 2004	2004, Uimh. 8
An tAcht um Bhailiú Shealadach Cánach 1927	1927, Uimh. 7
Public Accounts and Charges Act 1891	54 & 55 Vict., c. 24
Na hAchtanna Aoisliúntais 1834 go 2004	

Uimhir 35 *de* 2010

AN tACHT LEITHREASA 2010

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO LEITHREASÚ SUIMEANNA A DEONAÍODH LEIS AN ACHT PRÍOMH-CHISTE (FORÁLACHA BUANA) 1965 CHUN NA SEIRBHÍSÍ SOLÁTHAIR AGUS NA gCRÍOCH CUÍ AGUS DO DHÉANAMH FORÁLA MAIDIR LE GÉILLEADH IARCHURTHA LEITHREASUITHE ÁIRITHE NEAMHURSCAOILTE DON PHRÍOMH-CHISTE FAOI THREOIR NA SEIRBHÍSÍ SOLÁTHAIR CHAIPITIÚIL AGUS NA gCRÍOCH DÁ bhFORÁILTEAR LE hALT 91 DEN ACHT AIRGEADAIS 2004 AGUS DO DHÉANAMH FORÁLA I nDÁIL LEIS NA RÚIN AIRGEADAIS A RITH DÁIL ÉIREANN AN 7 NOLLAIG 2010.

[17 *Nollaig*, 2010]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Suimeanna a vótáladh le haghaidh seirbhísí soláthair, €47,306,286,000 san iomlán, a leithreasú.

1.—(1) Na suimeanna a deonaíodh as an bPríomh-Chiste leis an Acht Príomh-Chiste (Forálacha Buana) 1965 chun slánaithe an tsoláthair a deonaíodh, agus a ndéanann a gcomhiomlán suim seacht míle is daichead, trí chéad is sé mhilliún, dhá chéad ochtó is sé mhíle euro le haghaidh sheirbhís na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010, déantar iad a leithreasú le haghaidh na seirbhísí agus na gcríoch a luaitear i *Sceideal 1*.

(2) I dteannta na ndeontas as an bPríomh-Chiste dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, féadfar na suimeanna a thaispeántar faoi seach sa cholún deiridh de *Sceideal 1* agus a ndéanann a gcomhiomlán suim sé mhíle, dhá chéad is ochtó milliún, ceithre chéad is trí mhíle euro déag a úsáid as aon airgead a n-ordaítear faoi alt 2 den *Public Accounts and Charges Act* 1891 é a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair do na deontais le haghaidh na seirbhísí agus na gcríoch a shonraítear sa Sceideal sin.

Géilleadh iarchurtha a bhaineann le seirbhísí soláthair chaipitiúil, €16,500,000 san iomlán.

2.—Chun críocha alt 91 den Acht Airgeadais 2004, i leith leithreasaí neamhurscaoilte áirithe faoi threoir na seirbhísí soláthair chaipitiúil agus na gcríoch a áirítear i vóta dá dtagraítear i *Sceideal 1*, leagtar amach i *Sceideal 2* na suimeanna a iarchuireadh isteach sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011, agus na vótaí gaolmhara agus na teidil ghaolmhara i leith gach ceann de na suimeanna sin, a ndéanann a gcomhiomlán suim sé mhilliún déag agus cúig chéad míle euro.

Rúin airgeadais a rith Dáil Éireann an 7 Nollaig 2010.

3.—(1) Féadfar an reachtaíocht is gá chun éifeacht a thabhairt do na rúin airgeadais a rith Dáil Éireann an 7 Nollaig 2010 agus dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*, faoi réir na tréimhse ama a shonraítear in alt 4 den Acht um Bhailiú Shealadach Cánach 1927, a achtú sa bhliain 2011.

(2) Is iad seo a leanas na Rúin Airgeadais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*:

(*a*) Rún Airgeadais Uimh. 1 (a bhaineann le dleacht mháil agus le méadú ar na rátaí cánach ola mianra);

(*b*) Rún Airgeadais Uimh. 2 (a bhaineann le dleacht mháil agus leis an ráta cánach aerthaistil a leasú ón 1 Márta 2011);

(*c*) Rún Airgeadais Uimh. 3 (a bhaineann le dleacht mháil agus le leathnú na scéime traipisithe gluaisteán agus an fhaoisimh ó cháin cláraithe feithiclí le haghaidh feithiclí hibrideacha agus feithiclí breosla sholúbtha amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*d*) Rún Airgeadais Uimh. 4 (a bhaineann le dleacht mháil agus leis an gceartú maidir le hathaicmiú muirear amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*e*) Rún Airgeadais Uimh. 5 (a bhaineann le cáin ioncaim agus leis an teorainn tuillimh chun críocha ranníocaí pinsin agus le laghdú ar an teorainn sin amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*f*) Rún Airgeadais Uimh. 6 (a bhaineann le cáin ioncaim agus leis an teorainn leis an gciste pinsean cáinfhaoisimh uasta agus le laghdú ar an teorainn sin);

(*g*) Rún Airgeadais Uimh. 7 (a bhaineann le cáin ioncaim agus leis an dáileadh barúlach bliantúil ó chistí scoir ceadaithe agus le méadú ar an méid sonraithe amhail ar an agus ón 31 Nollaig 2010);

(*h*) Rún Airgeadais Uimh. 8 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le cánachas ar chnapshuimeanna scoir de bhreis ar mhéid saor ó cháin amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*i*) Rún Airgeadais Uimh. 9 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le faoiseamh ó cháin ar íocaíochtaí foirceanta ó oifig nó ó fhostaíocht a theorannú amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*j*) Rún Airgeadais Uimh. 10 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le creidmheasanna cánach ioncaim a laghdú amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*k*) Rún Airgeadais Uimh. 11 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le bandaí cánach ioncaim a laghdú amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*l*) Rún Airgeadais Uimh. 12 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le teorainneacha le díolúine ó cháin ioncaim ar bhonn aoise a laghdú amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*m*) Rún Airgeadais Uimh. 13 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le muirear sóisialach uilíoch a thabhairt isteach amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*n*) Rún Airgeadais Uimh. 14 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le deireadh a chur leis an tobhach ioncaim amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*o*) Rún Airgeadais Uimh. 15 (a bhaineann le dleachtanna stampa agus le laghdú ar an ráta dleachta stampa ar mhaoin chónaithe);

(*p*) Rún Airgeadais Uimh. 16 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le méadú ar an ráta cánach coinneála ar ús taisce amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*q*) Rún Airgeadais Uimh. 17 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le méadú ar an ráta cánach scuchta ar árachas saoil agus ar ráta na gcánacha scuchta ar ghnóthais infheistíochta amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*r*) Rún Airgeadais Uimh. 18 (a bhaineann le cáin fháltas caipitiúil agus le laghdú ar na tairseacha saor ó cháin le haghaidh cánach fáltas caipitiúil);

(*s*) Rún Airgeadais Uimh. 19 (a bhaineann le cáin chorparáide agus le muirir trádála iomchuí ar ioncam agus lena ndearbhaítear mar a dhéileálfar le muirir den sórt sin le linn faoiseamh atá dlite i leith cánach coigríche a íocadh a ríomh);

(*t*) Rún Airgeadais Uimh. 20 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le cáin chorparáide agus le srianta a bhfuil feidhm acu maidir le faoisimh do léasóirí i leith caiteachais a tabhaíodh ag soláthar cóiríochta cónaithe áirithe);

(*u*) Rún Airgeadais Uimh. 21 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le cáin chorparáide agus le ciorrú na liúntas caipitiúil atá ar fáil faoi na scéimeanna dreasachta cánach atá bunaithe ar limistéar agus ar mhaoin);

(*v*) Rún Airgeadais Uimh. 22 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le cáin chorparáide agus leis an teorainn leis an raon ioncaim a bhféadfar liúntais chaipitiúla faoi na scéimeanna dreasachta cánach atá bunaithe ar limistéar agus ar mhaoin a shocrú ina leith);

(*w*) Rún Airgeadais Uimh. 23 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le tairseach €40,000 a thabhairt isteach, amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011, ar an tuilleamh díolmhaithe ó cháin atá ag ealaíontóirí);

(*x*) Rún Airgeadais Uimh. 24 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le deireadh a chur, amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011, leis an díolúine ó mhuirear sochair comhchineáil le haghaidh saoráidí cúraim leanaí a sholáthraíonn fostóirí);

(*y*) Rún Airgeadais Uimh. 25 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le deireadh a chur, amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011, leis an bhfaoiseamh cánach le haghaidh suibscríobhanna ceardchumainn);

(*z*) Rún Airgeadais Uimh. 26 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le scor, amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011, de dhíolúine ó mhuirear sochair comhchineáil i gcás ina n-íocann fostóirí táillí suibscríofa nó comhaltais ghairmiúil);

(*aa*) Rún Airgeadais Uimh. 27 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le deireadh a chur, ar bhonn céimnithe, leis an bhfaoiseamh cíosa, gan aon éilitheoirí nua an 8 Nollaig 2010 nó dá éis);

(*ab*) Rún Airgeadais Uimh. 28 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le deireadh a chur leis an scéim scair-roghanna ceadaithe);

(*ac*) Rún Airgeadais Uimh. 29 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le deireadh a chur leis an bhfaoiseamh ó cháin le haghaidh scaireanna nua a cheannaítear i gcuideachta is fostóir);

(*ad*) Rún Airgeadais Uimh. 30 (a bhaineann le cáin ioncaim agus leis na dámhachtainí scaireanna a chur faoi dhliteanas ÁSPC agus tobhaigh sláinte agus a thabhairt isteach sa chóras ÍMAT agus déileáil leo mar a dhéileáiltear le haon sochar comhchineáil eile amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011);

(*ae*) Rún Airgeadais Uimh. 31 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le deireadh a chur, ar bhonn céimnithe thar 4 bliana, amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2011, leis an bhfaoiseamh ar iasachtaí chun leas a fháil i gcuideachtaí áirithe);

(*af*) Rún Airgeadais Uimh. 32 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le cáin chorparáide ar ioncam ó phaitinn cháilitheach agus le scor den díolúine ó cháin i leith an ioncaim sin);

(*ag*) Rún Airgeadais Uimh. 33 (a bhaineann le cáin ioncaim agus le cáin chorparáide agus leis an gcáin ioncaim ar dháiltí as ioncam neamháirithe agus le scor den díolúine ó cháin i leith dáiltí den sórt sin).

Gearrtheideal. **4**.—Féadfar an tAcht Leithreasa 2010 a ghairm den Acht seo.

SCEIDEAL 1 *Alt 1.*

SUIMEANNA A VÓTÁLADH LE HAGHAIDH SEIRBHÍSÍ SOLÁTHAIR A LEITHREASÚ

Sceideal de shuimeanna a deonaíodh, agus de shuimeanna a fhéadfar a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair i dteannta na suimeanna a deonaíodh, chun íoctha mhuirir na Seirbhísí Poiblí a luaitear i *gcolún (2)* a ghabhann leis an Sceideal seo agus a thiocfaidh chun bheith iníoctha i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2010.

Vóta Uimh.	Teideal	Suimeanna nach mó ná	
		Deontais Soláthair	Leithreasaí-i-gcabhair
(1)	(2)	(3)	(4)
		€	€
1	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig Rúnaí an Uachtaráin, le haghaidh costas áirithe eile a bhaineann le Teaghlachas an Uachtaráin agus le haghaidh deontas áirithe	3,171,000	92,000
2	Le haghaidh thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na Roinne agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair a íoc	28,756,000	912,000
3	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas-i-gcabhair	15,231,000	570,000
4	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Príomh-Oifige Staidrimh	57,832,000	2,249,000
5	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	6,816,000	6,188,000
6	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Airgeadais, lena n-áirítear Oifig an Phámháistir Ghinearálta, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh Oifig an Aire agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	70,158,000	6,822,000
7	Le haghaidh pinsean, aoisliúntais, díobhálacha ceirde, agus liúntas agus aiscí breise agus eile faoi na hAchtanna Aoisliúntais 1834 go 2004 agus faoi ilreachtanna eile; pinsean eisreachtúil, liúntas eisreachtúil agus aiscí eisreachtúla arna ndámhachtain ag an Aire Airgeadais, táillí do lia-réiteoirí agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúitimh agus íocaíochtaí eile i leith díobhálacha pearsanta; táillí don Bhord Pinsean; íocaíochtaí i leith an Chórais Sochair Pinsean, íocaíochtaí ilghnéitheacha, etc.	396,753,000	80,250,000
8	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc	518,000	32,000
9	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin	339,051,000	64,644,000

Vóta Uimh.	Teideal	Suimeanna nach mó ná	
		Deontais Soláthair	Leithreasaí-i-gcabhair
(1)	(2)	(3)	(4)
		€	€
10	Le haghaidh thuarastail agus chostais oifig na nOibreacha Poiblí; le haghaidh seirbhísí atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear Oifig an tSoláthair mar chuid de Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais, agus chun deontais áirithe a íoc agus chun caiteachas áirithe i ndáil le faoiseamh tuile a chúiteamh	414,169,000	25,231,000
11	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Saotharlainne Stáit	9,183,000	481,000
12	Le haghaidh na Seirbhíse Sicréidí	1,000,000	
13	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit	34,811,000	1,604,000
14	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí	43,240,000	614,000
15	Le haghaidh thuarastail agus chostais na hOifige Luachála agus mionseirbhísí áirithe	9,345,000	2,198,000
16	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí	8,321,000	394,000
17	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí	928,000	30,000
18	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil	7,639,000	381,000
19	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí, fhoireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí áirithe eile, lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgeadteoranta atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	390,246,000	45,386,000
20	Le haghaidh thuarastail agus chostais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, etc.; chun costais finnéithe áirithe a íoc, agus chun deontas-i-gcabhair a íoc	1,399,357,000	132,947,000
21	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse Príosún agus le haghaidh costas eile i ndáil le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála; le haghaidh seirbhísí promhaidh; agus chun deontas-i-gcabhair a íoc	334,731,000	17,384,000

Vóta Uimh.	Teideal	Suimeanna nach mó ná	
		Deontais Soláthair	Leithreasaí-i-gcabhair
(1)	(2)	(3)	(4)
		€	€
22	Le haghaidh na dtuarastal agus na gcostas sin de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus mionseirbhísí áirithe eile nach muirear ar an bPríomh-Chiste	102,204,000	50,419,000
23	Le haghaidh thuarastail agus chostais an Údaráis Clárúcháin Maoine	38,749,000	1,249,000
24	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla	425,000	15,000
25	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, lena n-áirítear deontais d'Údaráis Áitiúla, deontais agus costais eile i ndáil le tithíocht, seirbhísí uisce, scéimeanna ilghnéitheacha, fóirdheontais agus deontais	2,174,328,000	21,156,000
26	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Oideachais agus Scileanna, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	8,668,105,000	626,995,000
27	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	419,559,000	35,305,000
28	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha, agus seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair agus ranníocaí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta	190,537,000	39,697,000
29	Le haghaidh Cúnaimh Oifigiúil Forbartha áirithe, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair áirithe, agus le haghaidh ranníocaí d'Eagraíochtaí Idirnáisiúnta áirithe atá páirteach i gCúnamh Forbartha agus le haghaidh tuarastal agus costas i dtaca leo sin	535,330,000	1,053,000
30	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun deontais áirithe agus ildeontais-i-gcabhair a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc	273,015,000	244,907,000

Vóta Uimh.	Teideal	Suimeanna nach mó ná	
		Deontais Soláthair	Leithreasaí-i-gcabhair
(1)	(2)	(3)	(4)
		€	€
31	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus Choimisiún Talún na hÉireann agus chun deontais, fóirdheontais agus ildeontais-i-gcabhair áirithe a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc	1,402,418,000	382,864,000
32	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Iompair, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun deontais áirithe a íoc, agus le haghaidh seirbhísí áirithe eile	2,311,511,000	446,536,000
33	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Dánlainne Náisiúnta, lena n-áirítear deontais-i-gcabhair	10,163,000	253,000
34	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, chun fóirdheontais agus deontais áirithe agus deontas-i-gcabhair a íoc agus chun deontais áirithe faoi scéimeanna airgeadteoranta a íoc	1,104,825,000	78,641,000
35	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	464,909,000	3,179,000
36	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin; le haghaidh phá agus chostais Óglaigh na hÉireann; agus chun deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	705,525,000	49,859,000
37	Le haghaidh pá scoir, pinsean, cúitimh, liúntas agus aiscí is iníoctha faoi ilreachtanna le comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann agus d'Eagraíochtaí Míleata áirithe eile, etc., nó ina leith sin, agus le haghaidh ilranníocaí agus ilchostas i ndáil leo sin; le haghaidh liúntas eisreachtúil áirithe leanaí agus íocaíochtaí eile agus le haghaidh ildeontas	211,993,000	6,500,000
38	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, le haghaidh seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, le haghaidh íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh agus le haghaidh deontas áirithe	13,270,168,000	222,190,000

Vóta Uimh.	Teideal	Suimeanna nach mó ná	
		Deontais Soláthair	Leithreasaí-i-gcabhair
(1)	(2)	(3)	(4)
		€	€
39	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Sláinte agus Leanaí agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha	376,417,000	4,296,000
40	Le haghaidh thuarastail agus chostais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí áirithe eile atá faoi riaradh an Feidhmeannachta, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha	11,123,581,000	3,667,850,000
41	Le haghaidh seirbhísí áirithe a sholáthar i leith leanaí agus ghnóthaí na hóige, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha agus deontais-i-gcabhair	351,268,000	9,040,000
	Iomlán Sceideal 1 ...	47,306,286,000	6,280,413,000

Alt 2.

SCEIDEAL 2

Géilleadh Iarchurtha a Bhaineann le Seirbhísí Soláthair Chaipitiúil

Sceideal de shuimeanna a áirítear i *Sceideal 1* a ghabhann leis an Acht seo, ar suimeanna iad a bhféadfaidh an tAire Airgeadais a chinneadh ina leith, le hordú faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, go mbeidh siad ar fáil chun a n-úsáide chun slánaithe soláthair sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011 le haghaidh na seirbhísí soláthair chaipitiúil agus na gcríoch sna Vótaí agus sna Teidil chomhréire a luaitear i *gcolúin (1)* agus *(2)*.

Vóta Uimh.	Teideal	Suimeanna dá n-iarchuirtear géilleadh
(1)	(2)	(3)
		€
10	Le haghaidh thuarastail agus chostais oifig na nOibreacha Poiblí; le haghaidh seirbhísí atá faoi riaradh na hOifige sin, lena n-áirítear Oifig an tSoláthair mar chuid de Ghníomhaireacht Soláthair an Rialtais, agus chun deontais áirithe a íoc agus chun caiteachas áirithe i ndáil le faoiseamh tuile a chúiteamh	5,000,000
21	Le haghaidh thuarastail agus chostais na Seirbhíse Príosún agus le haghaidh costas eile i ndáil le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála; le haghaidh seirbhísí promhaidh; agus chun deontas-i-gcabhair a íoc	2,000,000
35	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus chun fóirdheontais, deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	8,000,000
36	Le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Cosanta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, le haghaidh phá agus chostais Óglaigh na hÉireann; agus chun deontais-i-gcabhair áirithe a íoc	1,500,000
	Iomlán Sceideal 2 ...	16,500,000